Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13458/24

LIMITE

PROBA 32
AGRI 651
WTO 115

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0184 (NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na gComhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg i dtaca le haontachas San Mairíne leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 – Glacadh |

1. An 26 Iúil 2024, fuair an Chomhairle togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na gComhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg i dtaca le haontachas San Mairíne leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (12690/24 + ADD 1).

2. An 13 Meán Fómhair 2024, tháinig an Mheitheal um Thráchtearraí ar chomhaontú trí chomhairliúcháin i scríbhinn maidir le leagan athbhreithnithe den dréachtchinneadh, mar a mhol an Uachtaránacht i gcomhairle le Seirbhís Dlí na Comhairle (WK 11055/24 ADD 1).

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 2):

   – an comhaontú ar tháinig an Mheitheal um Thráchtearraí air a dhearbhú;
   – a mholadh go nglacfadh an Chomhairle an Cinneadh, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 13457/24 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

4. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas tar éis don Chomhairle an Cinneadh a ghlacadh.

PUBLIC